

Athbhreithniú DEIS 2023–2026

(Leagan Béarla anseo)

Le trí bliana anuas, bhí foirne éagsúla sa scoil ag obair ar spriocanna DEIS chun tacú le foghlaim, folláine agus forbairt ár ndaltaí. Rinneadh athbhreithniú ar an obair seo le déanaí agus táimid an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta.

Na Réimsí ar a raibh Fócas

Bhí obair ar siúl sna réimsí seo:

- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Tinreamh
- Gnóthachtáil i scrúduithe
- Coinneáil scoláirí
- Dul chun cinn oideachasúil
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus leis an bpobal

Cad a d'éirigh go maith?

Bhí tionchar dearfach ag go leor gníomhaíochtaí ar shaol na ndaltaí, mar shampla:

- Club bricfeasta
- Staidéar stiúrtha
- Seachtain na Mata
- Cláir folláine agus cairdis
- Tacaíochtaí aistrithe do dhaltáí nua
- Cumarsáid níos fearr idir an scoil agus an baile

Bhailigh na foirne eolas trí shuirbhéanna, torthaí scrúduithe agus aiseolas ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí. Léirigh an t-eolas seo go raibh feabhas tagtha ar rannpháirtíocht, ar fhéinmhuinín agus ar thaithí scoile na ndaltaí.

Cad atá foghlamtha againn?

- Aithníodh roinnt réimsí le forbairt:
- Tuilleadh béime ar litearthacht dhigiteach
- Spriocanna níos soiléire agus níos tomhaiste
- Bailiú agus úsáid níos fearr ar shonraí
- Guth na ndaltaí a úsáid níos mó
- Tinreamh a fheabhsú tuilleadh

Ag Breathnú Chun Cinn

Táimid ag tnúth anois leis an gcéad timthriall eile de phleanáil DEIS. Leanfaimid orainn ag tógáil ar an obair mhaith atá déanta againn agus ag cur tacaíochtaí nua ar fáil chun an taithí scoile is fearr is féidir a thabhairt dár ndaltaí.

Leagan Béarla thíos

DEIS Review 2023–2026

Over the past three years, different teams within the school have been working on DEIS targets to support our students' learning, wellbeing and overall development. A review of this work has recently taken place, and we are very pleased with the progress that has been made.

Areas of Focus

Work was carried out in the following areas:

- Literacy
- Numeracy
- Attendance
- Achievement in examinations
- Student retention
- Educational progression
- Partnership with parents and the wider community

What Worked Well?

Many of the initiatives had a positive impact on students' school experiences, including:

- Breakfast Club
- Supervised Study
- Maths Week activities
- Wellbeing and friendship programmes
- Transition supports for incoming students
- Improved communication between school and home
- Teams gathered information through surveys, exam results and feedback from students and parents. This showed improvements in student engagement, confidence and overall school experience.

What Have We Learned?

The review also highlighted some areas for further development:

- Greater focus on digital literacy
- Clearer and more measurable targets
- Improved collection and use of data
- Increased use of student voice

- Continued work to improve attendance

Looking Ahead

We are now looking forward to the next DEIS planning cycle. We will continue to build on the positive work already completed and develop new supports and initiatives to provide the best possible school experience for all of our students.